Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Samhain 2022
(OR. en)

14360/22

LIMITE

CORLX 1036
CFSP/PESC 1487
COARM 228
COEST 807
CODUN 57

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE |

1. An 2 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2009 ón gComhairle mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE.

2. Sonraítear in Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2019/2009 ón gComhairle gur cheart go rachadh sé in éag 36 mhí tar éis comhaontú a thabhairt i gcrích le ESCE. I gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Chinneadh (CBES) 2019/2009 ón gComhairle, thug an Coimisiún comhaontú ranníocaíochta i gcrích le ESCE le haghaidh tréimhse cur chun feidhme dar críoch an 23 Nollaig 2022.

3. An 11 Lúnasa 2022, d’iarr ESCE síneadh gan chostas 13 mhí ar an ngníomhaíocht, i ngeall ar thionchar phaindéimí COVID-19 ar an gcur chun feidhme agus ar an staid slándála atá ann faoi láthair san Úcráin.

4. An 15 Meán Fómhair 2022, chomhaontaigh an Mheitheal um Neamhleathadh Arm Núicléach (CONOP) an iarraidh.

5. An 3 Samhain 2022, chuir an tArdionadaí togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2009 an 2 Nollaig 2019 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE (14358/22).

6. An 10 Samhain 2022, tháinig Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX) ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

7. Iarrtar ar Coreper, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle a dheimhniú;

– a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2009 an 2 Nollaig 2019 mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE, mar a leagtar amach in 14359/22 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh;

– a chinneadh an Cinneadh ón gComhairle a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

PUBLIC